

Mná Fiontracha Inis Mór



Beidh Mná Fiontracha ag eagrú Ceiliúradh ar Scríbhneoirí an Oileáin i nGarraí Liam Ó Flaithearta, Gort na gCapall Dé Domhnaigh 6 Bealtaine ag 12.30 mar chuid de Fhéile Phléaráca 2007.

Tháinig Mná Fiontracha, grúpa ban as Árann le chéile ar dtús i 1994 faoi scéim FÁS. Is as seo a d'fhás an tionscnamh Bailiúcháin Bhéaloideas Árann atá idir lámha ag na Mná Fiontracha ón mbliain 2000. Tá timpeall seachtú agallamh taifeadta acu le scéalta agus eolas ó mhuintir an oileáin. D'fhoilsigh siad leabhar "Árann - Cosáin an tSaoil" i Meán Fómhair 2003, ina bhfuil eolas le fáil ar bhóithre, toibreacha, carcair agus sealbhóirí tí i chuile cheann de na cheithre bhaile déag in Árann. Foilsíodh "Ár nOileán - Tuile's Trá" i 2004 chun blaiseadh beag dá mbailiúchán a roinnt le daoine gur suim leo béaloideas, stair agus traidisiúin chultúrtha an oileáin. Foilsíodh leabhrán faoi Liam Ó Flaithearta i Lúnasa 2006 nuair a d'oscail Comharchumann Aonghusa gairdín cuimhneacháin in onór Liam Uí Fhlaithearta. Tá na leabhair seo ar fad le fáil ó Mná Fiontracha.

Gné an-tábhachtach i bplean forbartha Mná Fiontracha ná oiliúint. Tá cúrsaí déanta acu i dtaifeadadh fuaime agus le gairid rinne siad dhá chúrsa ríomhaireachta le Acadamh na hOllscolaíochta, Carna, le maoiniú ó Comhdháil Oileáin na hÉireann; ceann i mBunachar Sonraí agus ceann i "Dream Weaver" agus "PhotoShop". Tá maoiniú faighte acu ó Údarás na Gaeltachta le staidéar féidearthachta a dhéanamh chun a mbailiúcháin a


chaomhnú agus a bhuanú. Sé an chéad chéim thábhachtach eile ná Cártlann Árann a bhunú i Seanscoil an Cheathrar Álainn i bhFearann an Choirce. Thabharfadh sé seo áit bhuan do Bhailiúchán Bhéaloideas Árann agus bheadh sé i gceist an bailiúcháin a mhéadú trí plé le cártlanna ina bhfuil saibhris Árann faoi láthair. Tuigean siad gurb é cosaint cóipchearta an chúis imní is mó do chártlanna i gcoitinne agus go mbeidh orthu a chinntiú go bhfuil na háiseanna cearta acu chun an t-ábhar a stóráil. Mar chuid den staidéar féidearthachta beidh grúpa acu, in éineacht lena gcomhairleoir Deirdre Ní Chonghaile, ag tabhairt cuairt ar Ionad Chalúim Chille Íle, agus ar Ionad Naomh Moluag, Ionad Chomann Eachdraidh Lios Mór in Albain i Mí na Bealtaine le maoiniú ó Colmcille agus Comhairle Contae na Gaillimhe.

Tá aitheantas faighte ag Mná Fiontracha cheana ón gComhairle Oidhreachtach agus ón Oifigeach Oidhreachtach i gComhairle Contae na Gaillimhe, Roinn na Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Comhdháil Oileáin na hÉireann, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, agus ó FÁS de bharr an bhailiúcháin agus na leabhair atá foilsithe acu le cúpla bliain anuas.

Maeve Uí Fhlaithearta

CAOL DÍREACH...

go ceann scríbe!



An Ghaeilge
The Irish Language

Foghlaim
Learning

Úsáid
Using

Eolaire
Directory

Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge

Ní gá dul amú a thuilleadh. Tá bealach glan romhat. Pé eolas atá uait faoin nGaeilge agus a mbaineann léi, éascóidh www.gaeilge.ie do thuras.

Féach go speisialta inneall fógraíochta NASC, áit gur féidir leat:

- cúrsa/ imeacht a fhógairt nó a iarraidh,
- do shainpéis a chlárú (chun nod a fháil nuair a bhíonn eolas nua faoi ar an suíomh), nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuartú.

Tabhair cuairt agus glac páirt sa Chíbear-ghaeltacht inniu!

No roundabouts here. Let the information superhighway take you where you want to go with the Irish language. Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need.

Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course/ event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood. And much more.

It's never been easier to connect with the Cyber-gaeltacht!

do nasc leis an teanga *gaeilge.ie*
your link to the language

Foras na Gaeilge

T: 1850 325 325 / 0845 309 8142 (T.É.) R: eolas@forasnagaeilge.ie